# 500,000

# AS OBAIR

# NÍL AN EORAIP AG OBAIR

## Vótáil **Níl** do Liospóin 2

**www.eirigi.org**

# Conradh Céanna - Freagra Céanna

Tá Éire anois i lár na géarchéime eacnamaíochta is measa leis na scórtha bliain. Tá leathmhilliún duine ag tarraingt 'cúnamh dífhostaíochta cheana. Anois tá na daoine céanna a chruthaigh an prácás seo ag iarraidh ort tacú le Conradh Liospóin, ag maíomh go bhfuil vóta Tá de dhíth do bhiseach eacnamúil. Ní seo an fhírinne ná baol air. Tá Conradh Liospóin bunaithe ar an léirshamhail eacnamúil caipitleach lochtach is cúis leis an chúlú láithreach. Cén dóigh a dtig leis an ghalar bheith ina leigheas? Níl aon chiall ann.

## 5 Fáth Le Vótáil NÍL do Liospóin 2

1 Ardaíonn Sé Saint Thar Ghá trí clár nua-liobrálach teipthe a chumhdach, a théann faoi chearta oibrithe agus sheirbhísí poiblí.

2 Ní Gan An Tuaisceart – Níl cead ag an 1.8 milliún saoránach Éireannach sna Sé Chondae forghafa ag an Bhreatain vótáil ar Chonradh Liospóin agus thodhcaí na hÉireann.

3 Réitíonn Sé An Bealach Do Stáit Aontaithe na hEorpa agus ligeann sé don AE a gconarthaí féin a leasú gan aon reifreann eile.

4 Téann Sé Faoi Cheannas Agus Laghdaíonn Guth na hÉireann trí chumhachtaí breisithe a thabhbairt don AE agus cumhacht vótála rialtas BÁC a leathadh.

5 Creimeann Sé Neodracht na hÉireann tríd an bhóthar a réiteach d'arm AE déanta.

## éirígí

Is páirtí polaitiúil poblachtach sóisialach é éirígí a bunaíodh in 2006. Logáil ar www.eirigi.org le tuilleadh eolais a fháil nó líon agus cuir ar ais an foirm thíos chuig PO Box 10769, BÁC 6 má ta suim agat bheith in éirígí.




### Bí linn in éirígí

Ainm ____________________

Seoladh ____________________

____________________

Guthán ____________________

R-Phost ____________________